

# COMHAIRLE NA HEORPA

## CAOMHNÓIR CHEARTA AN DUINE

ACHOIMRE

COUNCIL OF EUROPE

CONSEIL DE L'EUROPE




## NA BALLSTÁIT

An Airméin, an Albáin, Andóra, an Asarbaiseáin, an Bheilg, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, an Bhulgáir, an Chipir, an Chróit, an Danmhairg, an Eastóin, an Eilvéis, Éire, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ghréig, an Iodáil, an Iorua, an Íoslainn, an Ísiltír, an Laitvia, Lichtinstéin, an Liotuáin, Lucsamburg, An Mhacadóin Thuaidh, Málta, an Mholdóiv, Monacó, Montenegro, an Ostair, an Pholainn, an Phortaingéil, an Ríocht Aontaithe, an Rómáin, San Mairíne, An tSeic, an tSeirbia, an tSeoirsia, tSlóivéin, Poblacht na Slóvaice, an Spáinn, an tSualainn, an Tuirc, an Úcráin, an Ungáir.

## TÍORTHA BREATHNÓIREACHTA

Ceanada, Meicsiceo, an tSeapáin, Stáit Aontaithe Mheiriceá, an Suí Naofa.

## CEANNCHEATHRÚ AGUS OIFIGÍ

Tá ceanncheathrú Chomhairle na hEorpa Strasbourg na Fraince. Fostaíonn sí 2,300 duine, agus coinníonn sí oifigí seachtracha agus idirchaidrimh in eagraíochtaí idirnáisiúnta eile. Cuireann na Lárionaid Eorpacha don Aos Óg Strasbourg agus i mBúdaipeist oiliúint ar fáil do dhaoine óga i gcúrsaí daonlathais agus chearta an duine.

## BUISÉAD

Is é € 624,6 mhilliún buiséad iomlán Chomhairle na hEorpa do 2024, a mhaoiníonn na ballstáit go príomha.



# COMHAIRLE NA HEORPA



**Alain Berset**
*Ard-Rúnaí*

**Is í Comhairle na hEorpa an phríomheagraíocht a phléann le cearta an duine ar an mór-roinn.** Tá 46 mballstát aici, lena n-áirítear gach mballstát den Aontais Eorpaigh. Tá gach ballstát de chuid Chomhairle na hEorpa tar éis an Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine a shíniú, conradh a ceapadh chun cearta an duine, daonlathas agus forlámhas an dlí a chosaint.

Déanann an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine maoirseacht ar fheidhmiú an Choinbhinsiúin sna Ballstáit. Is féidir le daoine aonair gearáin faoi shárú chearta an duine a thabhairt chuig Cúirt Strasbourg i ndiaidh dóibh leas a bhaint as gach féidearthacht achomhairc sa bhallstát lena mbaineann.

Tá an tAontas Eorpach ag ullmhú leis an gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine a shíniú. Cruthóidh sé seo comhspás dlíthiúil Eorpach do 700 milliún saoránach.



# CEARTA AN DUINE A CHAOMHNÚ

Tacaíonn Comhairle na hEorpa le saoirse tuairimíochta agus na meán, le saoirse cruinnithe, le comhionannas agus le cosaint mionlach. Sheol sí feachtais ar shaincheisteanna amhail cosaint leanaí, géarchaint ar líne, agus cearta na Romach, an mionlach is mó san Eoraip.

Cabhraíonn Comhairle na hEorpa le ballstáit troid i gcoinne éilliú agus sceimhlitheoireachta, agus tabhairt faoi athchóirithe riachtanacha breithiúnacha. Cuireann a grúpa saineolaithe bunreachtúla, ar a dtugtar Coimisiún na Veinéise, comhairle dlí ar fáil do thíortha ar fud an domhain.

Cuireann Comhairle na hEorpa cearta an duine chun cinn trí choinbhinsiúin idirnáisiúnta, ar nós an Choinbhinsiúin chun Foréigean in aghaidh na mBan agus Foréigean Teaghlaigh a Chosc agus a Chomhrac agus an Choinbhinsiúin ar Chibearchoireacht. Déanann sí scrúdú ar dhul chun cinn na mballstát sna réimsí sin agus déanann sí moltaí trí chomhlachtaí monatóireachta saineolaithe neamhspleácha.

Níl pionós an bháis i bhfeidhm ag oiread agus ballstát amháin de Chomhairle na hEorpa sa lá atá inniu ann.






# COMHOIBRIÚ DOMHANDA

### Comhlachtaí monatóireachta

- An Grúpa Stát In Aghaidh an Éillithe (GRECO)
- An Coiste Eorpach um Chéastóireacht agus Íde nó Pionós atá Mídhaonna nó Táireach a Chosc (CPT)
- An Grúpa Saineolaithe um Ghníomhaíocht i gcoinne Gáinneála ar Dhaoine (GRETA)
- An Coimisiún Eorpach um Éifeachtúlacht an Cheartais (CEPEJ)
- An Coiste Saineolaithe um Measúnú ar Bhearta in aghaidh Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta (MONEYVAL)
- An Coimisiún Eorpach i gcoinne an Chiníochais agus na hÉadulaingthe (ECRI)
- An Coiste Eorpach um Chearta Sóisialta (ECSR)
- An Coiste Comhairleach um an gCreat-Choinbhinsiún maidir le Mionlaigh Náisiúnta a Chosaint
- An Coiste Comhairleach um an gCairt Eorpach um Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh

Oibríonn Comhairle na hEorpa go dlúth leis an Aontas Eorpach, agus comhoibríonn sí leis na Náisiúin Aontaithe, leis an Eagraíocht um Shlándáil agus Chomhoibriú san Eoraip, agus le go leor tíortha comhpháirtíochta ar fud na cruinne.

Mar shampla, tá comhaontuithe ag Stiúrthóireacht Eorpach na Comhairle um Cháilíocht Cógas agus Chúram Sláinte, a bhfuil ról lárnach aici i gcomhrac in aghaidh cógais ghóchumtha, leis an mBrasaíl, leis an tSín, leis an Afraic Theas, agus leis na Stáit Aontaithe.



# STRUCHTÚR

I dteannta na **Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine**, tá roinnt institiúidí oibre i gComhairle na hEorpa.

- Treoraíonn an t**Ard-Rúnaí** Comhairle na hEorpa agus déanann ionadaíocht di.
- Gníomhaíonn **Coiste na nAirí**, a chuimsíonn airí gnóthaí eachtracha na mballstát agus a n-ionadaithe, mar an príomhchomhlacht cinnteoireachta.
- Cuimsítear sa **Tionól Parlaiminteach** 612 bhfeisire parlaiminte ó na 46 mballstát; toghann an Tionól an tArd-Rúnaí, an Coimisinéir um Chearta an Duine, agus breithiúna na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine; soláthraíonn sé fóram daonlathach do dhíospóireachtaí agus déanann sé scrúdú ar thoghcháin; bíonn ról tábhachtach ag a choistí i gcúrsaí reatha a iniúchadh.
- Tugann an **Coimisinéir um Chearta an Duine** aghaidh go neamhspleách ar sháruithe chearta an duine agus tarraingíonn aird orthu.
- Tá Comhdháil na nÚdarás Áitiúil agus Réigiúnach freagrach as daonlathas áitiúil agus réigiúnach a neartú. Cuimsítear ann 612 ionadaí tofa a dhéanann ionadaíocht ar bhreis agus 150,000 údarás áitiúil agus réigiúnach.
- Déanann **Comhdháil na nEagraíochtaí Neamhrialtasacha Idirnáisiúnta** ionadaíocht ar shochaí shibhialta agus cuireann sí daonlathas rannpháirtíoch chun cinn.



GLE

**Avenue de l'Europe • 67075 Strasbourg • FRANCE**

Féach ar ár bpríomhshuíomh gréasáin ag
**www.coe.int**

Suíomh gréasáin foilsitheoireachta
Chomhairle na hEorpa
**book.coe.int**

Suíomh gréasáin cáipéisíochta agus acmhainní ar líne
**edoc.coe.int**

PREMS 060824 • 2024 © Comhairle na hEorpa •
Creidiúint Grianghraif: Comhairle na hEorpa / Shutterstock • Dearadh grafach: Les Explorateurs

Arna fhoilsiú ag Stiúrthóireacht na Cumarsáide